Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Ár dTodhchaí Tuaithe Our Rural Future | Lár Bailte ar dTús Town Centre First

# Lár Bailte ar dTús – Sraith Tacaíochtaí 2024

## Achoimre ar an Scéim

## Feabhra 2024

## Clár


**Cuid 1: Forléargas .......... 2**

**Cuid 2: Bearta a dTacaítear leo .......... 3**

**Cuid 3: Ainmniúchán Baile, Próiseas Iarratais & Measúnaithe .......... 7**

**Cuid 4 – Coinníollacha maidir le Maoiniú .......... 10**

***4.1 – Costais Incháilithe, Leibhéal an Deontais, Leithdháileadh Maoinithe agus Cistiú Meaitseála 10***

***4.2 – Sceideal maidir le Tarraingt Anuas agus Creataí Ama maidir le Tionscadail a Chur i gCrích 11***

***4.3 – Téarmaí agus Coinníollacha an Deontais .......... 12***

**Aguisín 1 – Údaráis Áitiúla atá incháilithe don tionscnamh seo & Bailte a Roghnaíodh do Chéim 1 .......... 16**

**Aguisín 2 – Contaetha Trasdula an Iarthuaiscirt .......... 17**

## Cuid 1: Forléargas

Is mórpholasaí tras-rialtais é an Polasaí Lár Bailte ar dTús (TCF) a bhfuil sé mar aidhm aige dul i ngleic le folúntais, dul i ngleic le tréigean agus beocht a chur i lár ár mbailte arís. Tacaíonn an polasaí le "Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann", polasaí forbartha tuaithe na hÉireann, ar gné lárnach é d'fholláine gheilleagrach, shóisialta, chultúir agus chomhshaoil na tíre. Molann sé cur chuige iomlánaíoch, áit-bhunaithe i leith na forbartha tuaithe inbhuanaithe.

Tríd an bpolasaí, táthar ag féachaint le tacaíocht a thabhairt do bhailte de gach méid, ag aithint go bhfuil gach baile uathúil agus éagsúil agus ag admháil nach mbainfear amach pobail inbhuanaithe agus rathúla tríd an gcur chuige "an cheap a dhéanann gach uile bhróg".

Agus aitheantas á thabhairt go bhfuil gá le tacaíochtaí breise chun spriocanna an pholasaí TCF a bhaint amach, cuirfidh an tSraith Tacaíochtaí seo sraith bearta i bhfeidhm do phobail thuaithe. Tá a chuid critéar incháilitheachta féin ag dul le gach aon bheart, agus ar an gcaoi sin, dírítear ar líon bailte i ngach aon chontae.

Trí na bearta seo, cuirfear le tionscnaimh mhaoinithe eile laistigh den Roinn, lena n-áirítear an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

Is leis na tacaíochtaí seo a chinnteofar acmhainní a dhéantar a leithdháileadh ar bhealach éifeachtach agus a chuireann tacaíocht shoiléir ar fáil do phobail áitiúla agus foirne baile le bheith i gceannas ar athnuachan a mbailte agus sráidbhailte.

## Cuid 2: Bearta a dTacaítear leo

Tiocfaidh Sraith Tacaíochtaí TCF in ionad tacaíochtaí a bhí ar fáil roimhe seo maidir le forbairt pleananna TCF, scrúduithe sláinte bailte agus an Beart Forbartha Tionscadal (PDM) tríd an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.

Tá tacaíocht ar fáil trí na bearta seo a leanas:

**i. An Ciste Tacaíochta d'Fhoirne Baile – Lár Bailte ar dTús:**

Leis an mbeart seo, tacófar le suas le 3 fhoireann baile a bhunú agus/nó a fhorbairt i gcás nach bhfuil siad dea-bhunaithe cheana féin, agus beidh ciste iomlán €30,000 ar fáil, **suas le méid maoinithe uasta €10,000 ina aghaidh an bhaile.**

Féadann údaráis áitiúla ceithre bhaile a ainmniú i gcomhairle leis an TRO agus pobail áitiúla, lena bhféadfaí suas le trí bhaile a roghnú chun leas a bhaint as an maoiniú seo suas le méid maoinithe uasta €10,000 in aghaidh an bhaile. Ní mór don údarás áitiúil na ceithre bhaile sin a mhionsonrú in ord tosaíochta agus is é an tAire a roghnóidh na trí bhaile dá dtabharfar tacaíocht ar deireadh.

Is féidir an maoiniú seo a úsáid chun cuidiú leis an méid seo a leanas:

- Foirne baile a bhunú i gcás nach bhfuil siad bunaithe cheana féin agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí forbartha acmhainne d'fhoirne baile atá bunaithe / ag luathchéim forbartha (*mar shampla, trí oiliúint spriocdhírithe/ meantóireacht, cumarsáid agus tionscnaimh chomhairliúcháin/rannpháirtíochta pobail*); agus
- Comhthiomsú sonraí agus taighde chun cuidiú leo príomhthosaíochtaí na mbailte a aithint agus beogacht, athléimneacht agus feidhmiú lár na mbailte a mheasúnú d'fhonn iarratais ardchaighdeáin maidir le tionscadail a fhorbairt do na scéimeanna maoinithe atá ar fáil.

D'fhéadfadh bailte faoi bhun daonra 10,000 duine a bheith incháilithe iarratas a dhéanamh maidir leis an mbeart seo.

Ní mór an maoiniú faoin mbeart seo a úsáid chun na críche seo amháin chun tacú leis na gníomhaíochtaí de réir mar a mhionsonraítear thuas agus ní féidir an maoiniú a úsáid in éineacht le bearta eile faoin tionscnamh seo.

**ii. An Plean do Lár Bailte ar dTús:**

I ndiaidh na gceachtanna, na nithe a foghlaimíodh agus na taithí a fuarthas ó chéim phíolótach na bPleananna TCF, tacóidh an beart seo le plean TCF a fhorbairt i mbaile roghnaithe suas le **méid maoinithe uasta €30,000**.

Féadfaidh údaráis áitiúla, i gcomhairle leis an TRO agus pobail áitiúla, **suas le trí bhaile a ainmniú, a roghnóidh an tAire baile amháin díobh agus lena leithdháilfear maoiniú €30,000** chun plean forbartha TCF a fhorbairt.

Tá an tacaíocht seo dírithe ar bhailte atá ag céim fhorbartha, dá bhrí sin, éilítear ar bhailte go mbeadh foireann baile i bhfeidhm acu agus/nó anailís bhaile/obair ullmhúcháin curtha i gcrích acu agus go mbeidís ullamh chun tosú i mbun oibre ar an bplean i ndiaidh don bhaile a bheith roghnaithe. Ba chóir go ndíreodh na pleananna seo ar an bhfís don bhaile a chur i láthair, de réir mar atá ullmhaithe ag an bhFoireann Baile.

D'fhéadfaí leas a bhaint as an maoiniú seo chun saineolas seachtrach a fháil leis an bplean TCF a fhorbairt, úsáid a bhaint as saineolas inmheánach laistigh den údarás áitiúil chun an plean a fhorbairt, nó leas a bhaint as meascán den dá rud.  I gcás ina mbíonn saineolas agus ionchur foirne breise LA ag teastáil, i.e. pleanálaithe, innealtóirí etc., chun an Plean a fhorbairt, d’fhéadfaí na costais sin a ghearradh ar an tionscadal. Ba chóir go mbeadh na costais comhréireach agus réasúnach i gcomhréir le costais fhoriomlána, agus ba chóir taifid ábhartha a choinneáil ina leith sin.

Maidir le bailte nach ndearnadh scrúdú sláinte orthu roimh ré, ní mór don Fhoireann Baile réasúnaíocht a chur ar fáil maidir le hullmhacht agus breisíocht an phlean TCF don bhaile, a bheidh faoi réir cheadú na Roinne.

Ní mór go n-aithneofaí go soiléir sa phlean na dúshláin agus tosaíochtaí i ngach aon bhaile mar aon le fís na Foirne Baile, lena n-áirítear tionscadail bharrthábhachtacha agus forbairt lena bhféadfaí tacú le hathbheochan an bhaile.

Mar chuid den phlean, ba chóir go bhfoghlaimeofaí ó aon phleananna reachtúla reatha a bhaineann leis an mbaile agus bonn eolais a chur faoi aon phleananna reachtúla amach anseo, ar nós cuspóirí sonracha laistigh de phleananna aeráide, pleananna forbartha inbhuanaithe, pleananna sóisialta agus pleananna geilleagracha i.e. Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údaráis Áitiúla, Pleananna Ceantair Áitiúil, Pleananna Áitiúla Geilleagracha agus Pobail. Ba chóir go mbeadh an plean TCF comhtháite, nuair is cuí, leis an gcóras pleanála forbartha reachtúil lena chinntiú go mbeadh torthaí foriomlána maidir le pleanáil ag tacú leis an bpolasaí Lár Bailte ar dTús agus nach mbeadh siad ina gcúis le cásanna forbartha malartacha a d’fhéadfadh an bonn a bhaint uaidh.

Chomh maith leis sin, d’fhéadfaí gníomhartha nó tionscadail aitheanta a eascraíonn ón bplean a aistriú isteach i gCreat Dearaidh Uirbeach uilechuimsitheach atá níos mionsonraithe, nó i gcreat den chineál céanna, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le macrashaincheisteanna struchtúir lár an bhaile (naisc, úsáid talún, páirceanna/cearnóga, leagan amach foirgneamh) agus mionsonraí a bhaineann lena charachtar (leagan amach sráideanna, teanga ailtireachta, pailéid ábhair). Léirítear i bpleananna dá leithéid tiomantas breise ó údaráis áitiúla agus cuirtear cinnteacht níos fearr ar fáil do phobail agus infheisteoirí/forbróirí ionchasacha.

Is féidir treoir bhreise maidir le plean TCF a chomhlánú a fháil in Aguisín 8 den Pholasaí TCF. Is féidir na pleananna TCF ar fad a cuireadh i gcrích roimhe seo a fháil ag towncentrefirst.ie

Níl bailte a roghnaíodh faoin chéad chéim agus a bhfuil plean TCF curtha i gcrích acu cheana féin incháilithe faoin mbeart seo.

D'fhéadfadh bailte ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000 duine a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an mbeart seo.

Ní mór an maoiniú faoin mbeart seo a úsáid chun na críche seo amháin chun plean TCF a chur i gcrích agus ní féidir é a úsáid in éineacht le bearta eile faoin tionscnamh seo.

### iii. Beart Forbartha Tionscadal (PDM):

Is é an cuspóir atá leis an mbeart seo cabhrú le húdaráis áitiúla cur le tionscadail shuntasacha dea-fhorbartha atá ar na bacáin, arbh fhéidir iad a chur chun cinn chuig an gcéim thógála ina dhiaidh sin, faoi réir maoiniú breise a bheith ar fáil.

D'fhéadfadh údaráis áitiúla, i gcomhairle leis an TRO agus pobail áitiúla, dhá iarratas ar thionscadal a mhionsonrú faoin mbeart seo suas le luach uasta €50,000 in aghaidh an iarratais agus méid maoinithe uasta €100,000 de réir ráta deontais 90% de chostais iomlána an tionscadail in aghaidh an iarratais tionscadail agus ráta íosta cistithe meaitseála 10% de chostais iomlána an tionscadail.

D'fhéadfaí maoiniú a bhronnadh i leith costas amhail dearadh mionsonraithe, pleanáil, soláthar, táillí gairmiúla, measúnuithe agus costais forbartha eile.

Ní dearbhú uathoibríoch é maoiniú a bheith ceadaithe faoin gcatagóir seo go bhfaighfear maoiniú amach anseo faoi shruthanna maoinithe eile chun na tionscadail atá ag teacht chun cinn a chur i gcrích – beidh sé riachtanach na tionscadail a thagann ann dá bharr a chur isteach mar is gnách faoi na próisis mhaoinithe iomaíocha.

Roimhe seo, tacaíodh le PDManna tríd an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2021 & 2022 agus tá siad cosúil le tionscadail Chatagóir 2 faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe.

Ní mór maoiniú faoin mbeart seo a úsáid chun na críche seo amháin, i.e. chun na tionscadail PDM ceadaithe a fhorbairt, agus ní féidir iad a úsáid in éineacht le bearta tacaithe eile faoin tionscnamh seo. Tá deontas uasta 90% ar fáil agus tá ráta cistithe meaitseála íosta 10% ar fáil de chostais iomlána an tionscadail le haghaidh tionscadail an bhirt forbartha tionscadal.

- ***Soláthar sonrach chun tacú le Réigiún an Iarthuaiscirt***

D'fhonn aitheantas a thabhairt don rangú mar Réigiún Trasdula a thug Coimisiún an AE ar Réigiún an Iarthuaiscirt, agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí réigiúnacha ar bhonn réamhghníomhach, tugann an Roinn cead do na hocht gcontae i Réigiún an Iarthuaiscirt **iarratas amháin breise PDM (trí iarratas san iomlán)** a chur isteach, mar aon le **ráta deontais méadaithe 95%** le **ráta cistithe meaitseála íosta 5%** de chostais iomlána an tionscadail.

I measc na gcontaetha atá lonnaithe i Réigiún an Iarthuaiscirt, agus a mhionsonraítear in Aguisín 2 freisin, tá:

1. An Cabhán
2. Dún na nGall
3. Gaillimh
4. Liatroim
5. Maigh Eo
6. Muineachán
7. Ros Comáin
8. Sligeach

Maidir leis na contaetha atá sa liosta thuas, **d'fhéadfaí suas le trí iarratas PDM le méid maoinithe uasta €50,000 in aghaidh an iarratais tionscadail** a chur isteach.

## Cuid 3: Ainmniúchán Baile, Próiseas Iarratais & Measúnaithe

Tá Sraith Tacaíochtaí Lár Bailte ar dTús dírithe ar bhailte agus sráidbhailte tuaithe. Tá bailte ina bhfuil daonra suas le 10,000 duine atá lonnaithe lasmuigh den 5 limistéar cathrach incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin tionscnamh seo. Tá liosta mionsonraithe de na húdaráis áitiúla incháilithe maidir leis an tionscnamh seo ar fáil in Aguisín 1.

### i. Beart 1 – Ciste Tacaíochta d'Fhoirne Baile TCF

Ba chóir iarratais ar an mbeart seo a chur isteach ar an bhfoirm 'Beart 1 – Foirm Iarratais maidir le Ciste Tacaíochta d'Fhoirne Baile TCF'.

D'fhéadfadh údaráis áitiúla **suas le 4 bhaile** a ainmniú i gcomhair breithnithe chun maoiniú a fháil faoin mbeart seo.

Ba chóir sonraí iomlána maidir le hainmniúcháin bailte, faisnéis airgeadais maidir leis na tionscadail agus aon fhaisnéis bhreise maidir leis na tionscadail a chur ar fáil san iarratas. Níor chóir ach gníomhaíochtaí is féidir a chur i gcrích laistigh de chreat ama 10 mí a chur isteach.

Éilítear ar údaráis áitiúla mionsonraí a thabhairt maidir lena **mbailte ainmnithe de réir ord tosaíochta**. D'fhéadfaí suas le **trí bhaile a cheadú** chun leas a bhaint as maoiniú faoin mbeart seo.

Ní mór an t-iarratas comhlánaithe a chur isteach chuig an Roinn faoi **am scoir gnó Dé Céadaoin an 6 Márta 2024.**

### ii. Beart 2 – Plean do Lár Bailte ar dTús:

Ba chóir iarratais ar an mbeart seo a chur isteach ar an bhfoirm 'Beart 2 – Foirm Ainmniúcháin don Phlean do Lár Bailte ar dTús'.

D'fhéadfadh údaráis áitiúla **suas le trí bhaile** a ainmniú i gcomhair breithnithe chun leas a bhaint as maoiniú faoin mbeart seo. Níor chóir a chur isteach ach bailte atá in ann a bplean comhlánaithe a chur i gcrích laistigh de chreat ama 12-18 mí.

Ba chóir sonraí iomlána maidir le hainmniúcháin bailte, faisnéis airgeadais maidir leis na tionscadail agus aon fhaisnéis bhreise maidir leis na tionscadail a chur ar fáil san fhoirm ainmniúcháin. Éilítear ar údaráis áitiúla mionsonraí a thabhairt maidir lena **mbailte ainmnithe de réir ord tosaíochta**.

I gcásanna inar chuir baile ainmnithe plean i gcrích atá cosúil le plean TCF, cé is moite de scrúduithe sláinte baile, ní mór mionsonraí iomlána maidir leis an bplean seo a chur ar fáil don Roinn, a dhéanfaidh cinneadh maidir le hincháilitheacht chun plean TCF a chur i gcrích.

I ndiaidh ainmniúcháin a bhreithniú**, ceadófar baile amháin in aghaidh gach aon údaráis áitiúil** chun plean TCF a chur i gcrích.

Ní mór foirm ainmniúcháin comhlánaithe a chur isteach chuig an Roinn faoi **am scoir gnó Dé Céadaoin an 21 Feabhra 2024.**

### iii. Beart 3 – Beart Forbartha Tionscadal (PDM):

Ba chóir iarratais ar an mbeart seo a chur isteach ar an bhfoirm 'Beart 3 – Foirm Iarratais PDM.

D'fhéadfadh údaráis áitiúla suas le dhá iarratas PDM a chur isteach, agus suas le trí iarratas PDM a chur isteach i gcás Contaetha incháilithe an Iarthuaiscirt.

Ba chóir mionsonraí iomlána a chur ar fáil i ngach aon iarratas maidir leis an tionscadal, lena n-áirítear pleanáil ghinearálta, pleanáil airgeadais, amlínte maidir le críochnú agus breisíocht don réigiún.

Níor chóir a chur isteach ach tograí is féidir a chur i gcrích laistigh de chreat ama 12-18 mí.

Éilítear ar údaráis áitiúla fógraíocht a dhéanamh i dtaca le léirithe spéise ó bhailte/sráidbhailte ina gceantar don Bheart Forbartha Tionscadal. Ní mór d'údaráis áitiúla bileog forléargais a chur ar fáil mar aon le cóipeanna de na foirmeacha ar léiriú spéise ar fad a fuair an t-údarás áitiúil faoin mbeart seo.

Ní mór tabhairt faoi fhorbairt na dtograí seo i gcomhairle leis an TRO ceaptha agus le pobal áitiúil agus lucht gnó an bhaile/sráidbhaile. Is gné riachtanach de thionscadail a n-éireoidh leo go mbeadh grúpaí leasa pobail agus/nó gnó rannpháirteach go hiomlán. Go hidéalach, aithneofar na tionscadail mar chuid de phlean an bhaile, scrúdú sláinte nó staidéar den chineál céanna, a cruthaíodh don bhaile nó sráidbhaile. Ní cheadófar tionscadail nach féidir a léiriú ina leith gur tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin chun dearcthaí a fháil ón bpobal áitiúil agus gnólachtaí.

Is trí bhíthin próiseas iomaíoch a roghnófar tionscadail PDM. Agus an Roinn i mbun na tionscadail a n-éiríonn leo a roghnú, i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, déanfaidh an Roinn feidhmíocht an údaráis áitiúil roimhe seo a chur san áireamh i dtaca le tionscadail roimhe seo faoin scéim a chur i gcrích. Is í an Roinn a chuirfidh roghnú deiridh na dtionscadal i gcrích bunaithe ar na tograí a chuir na húdaráis áitiúla isteach.

Agus na tionscadail ar fad á measúnú agus á gceadú, tabharfar aird ar líon gnéithe, lena n-áirítear: ailíniú le Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann; an plean TCF; an córas pleanála forbartha reachtúil; tosaíochtaí breise de chuid na Roinne; an maoiniú atá ar fáil; raon, meascán, caighdeán agus tionchar na dtionscadal atá á moladh; feidhmíocht na n-údarás áitiúil roimhe seo i dtaca le tionscadail a chur i gcrích; maoiniú a cuireadh ar fáil roimhe seo agus gach ceist eile a bhaineann le hábhar.

Tabharfaidh an Roinn aird faoi leith ar thograí tionscadail i bplean TCF atá tacaithe ag cuspóirí forbartha ábhartha i bplean ceantair áitiúil nó plean forbartha ar bith de chuid an údaráis

áitiúil. Beidh marcanna breise ar fáil mar chuid den phróiseas iomaíoch measúnaithe d'iarratais inar féidir fianaise a léiriú ina leith sin.

D'fhéadfaí scrúdú breise a dhéanamh ar thionscadail a chuimsíonn réitigh nadúrbhunaithe nó ina bhfuil fócas láidir ar inbhuanaitheacht agus d'fhéadfaí breithniú níos fabhraí a dhéanamh orthu. Ba chóir inrochtaineacht do chách agus ionchuimsitheacht a bheith chun cinn agus tograí tionscadail á bhforbairt don phobal.

Ní mór iarratais tionscadail chomhlánaithe a chur isteach chuig an Roinn faoi **am scoir gnó Dé Luain an 8 Aibreán 2024.**

## Cuid 4 – Coinníollacha maidir le Maoiniú

### 4.1 – Costais Incháilithe, Leibhéal an Deontais, Leithdháileadh Maoinithe agus Cistiú Meaitseála

Ní mór don údarás áitiúil a chinntiú go ndéantar caiteachas maidir leis na bailte a roghnaíodh faoi gach aon bheart a úsáid chun na críche amháin gníomhaíochtaí incháilithe faoin TCF – Sraith Tacaíochtaí a chur i gcrích.

**i. An Ciste Tacaíochta d'Fhoirne Baile Lár Bailte ar dTús**

Luach maoinithe uasta €10,000 in aghaidh an bhaile (trí bhaile ar a mhéad) agus méid maoinithe foriomlán €30,000 san iomlán le ráta deontais 100%.

Beidh tarraingt anuas an deontais bunaithe ar chaiteachas deimhnithe. Ní ghlacfaidh an Roinn le gealltanais i leith caiteachais amach anseo. Ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh chun iarratas a tharraingt anuas a chur isteach:

- Fianaise ar na costais ar fad a tabhaíodh i ndáil le bearta forbartha agus forbartha acmhainne sa bhaile/sna bailte ainmnithe; agus
- Tuarascáil a chur ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta do, fianaise fhótagrafach, fianaise maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu, cruinnithe, imeachtaí a reáchtáladh, nó oiliúint etc.

Ba chóir iarratais a chur isteach faoin **06/03/2024**. Ba chóir na gníomhaíochtaí tacaithe a bheith curtha i gcrích go hiomlán agus an tarraingt anuas deiridh a bheith curtha isteach chuig an Roinn faoin **15/11/2024.**

**ii. An Plean do Lár Bailte ar dTús:**

Tá méid maoinithe uasta €30,000 ar fáil chun plean TCF a fhorbairt le ráta deontais 100%.

Beidh tarraingt anuas an deontais bunaithe ar chaiteachas deimhnithe. Ní ghlacfar le gealltanais maidir le caiteachas amach anseo. Ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh chun iarratas a tharraingt anuas a chur isteach:

- Fianaise ar na costais ar fad a tabhaíodh i ndáil leis an bplean TCF; agus
  Cóip den 'plean TCF' deiridh a chur ar fáil, atá deimhnithe agus ceadaithe ag Príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil agus curtha ar fáil chuig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Ní mór ainmniúcháin baile a chur isteach faoin **21/02/2024**. Ní mór na pleananna a bheith curtha i gcrích agus an tarraingt anuas a bheith curtha isteach chuig an Roinn laistigh de chreat ama **12 go 18 mí.** Cuirfear an spriocdháta deiridh in iúl i ndiaidh na bailte ar éirigh leo a bheith fógartha.

**iii. Beart Forbartha Tionscadal (PDM):**

Is é an méid maoinithe uasta atá ar fáil ná €50,000 in aghaidh an tionscadail le ráta deontais 90% de chostais iomlána an tionscadail. D'fhéadfadh Contaetha an Iarthuaiscirt leas a bhaint as ráta deontais méadaithe 95% de chostais fhoriomlána an tionscadail.

Ní mór an riachtanas cistithe meaitseála 10%, agus 5% do Chontaetha an Iarthuaiscirt, de chostais fhoriomlána an tionscadail, a bheith íoctha ag an údarás áitiúil agus/nó an pobal agus/nó trí ranníocaíochtaí daonchairdiúla. Ní mór go mbeadh sé sin i riocht ranníocaíochta in airgead tirim. Níl cistí a fuarthas ó scéimeanna nó cláir reatha de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail nó ó shruthanna maoinithe poiblí eile incháilithe lena n-úsáid mar chistiú meaitseála.

Beidh tarraingt anuas an deontais bunaithe ar chaiteachas deimhnithe. Ní ghlacfaidh an Roinn le gealltanais i leith caiteachais amach anseo. Ní mór na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh chun iarratas ar tharraingt anuas a chur isteach:

- Fianaise ar na costais ar fad a tabhaíodh i ndáil leis an bplean PDM a chur i gcrích, agus tuarascáil Cás-staidéir maidir leis an tionscadal críochnaithe.

Ní mór iarratais a chur isteach faoin **08/04/2024.** Ní mór na tionscadail a bheith curtha i gcrích go hiomlán agus an tarraingt anuas a bheith curtha isteach chuig an Roinn laistigh de **chreat ama 12 go -18 mí.** Cuirfear an spriocdháta deiridh in iúl do na hÚdaráis Áitiúla i ndiaidh na tionscadail ar éirigh leo a bheith fógartha.

- **Soláthar sonrach chun tacú le Réigiún an Iarthuaiscirt**

D'fhonn aitheantas a thabhairt don rangú mar Réigiún Trasdula a thug Coimisiún an AE ar Réigiún an Iarthuaiscirt, agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí réigiúnacha ar bhonn réamhghníomhach, d'fhéadfadh na contaetha seo leas a bhaint as iarratas breise ar bheart forbartha tionscadal mar aon le **cúnamh deontais uasta 95% agus ráta cistithe meaitseála íosta 5% de chostais iomlána an tionscadail**. Bainfidh sé sin le contaetha i réigiún an Iarthuaiscirt i gcás eisceachtúil.

### 4.2 – Sceideal maidir le Tarraingt Anuas agus Creataí Ama maidir le Tionscadail a Chur i gCrích

Ní mór iarratais ar tharraingt anuas a dhéanamh ar an bhfoirm oifigiúil maidir le Tarraingt Anuas a soláthraíodh ón Roinn.

Ní mór go mbeadh iarratais ar tharraingt anuas bunaithe ar chaiteachas (caite) deimhnithe.

Is féidir maoiniú a tharraingt anuas in dhá chéim ar a mhéad. Is é an méid íosta is féidir a tharraingt anuas in am ar bith ná 50% den mhéid den mhaoiniú deontais iomlán faoi gach aon bheart.

Ní mór go mbeadh tionscadail atá tacaithe faoi **Bheart 1: Ciste Tacaíochta d'Fhoirne Baile Lár Bailte ar dTús** a bheith curtha i gcrích go hiomlán agus na doiciméid um tharraingt anuas a bheith curtha isteach chuig an Roinn **faoin 15 Samhain 2024.**

Ní mór go mbeadh tionscadail atá tacaithe faoi **Bheart 2: Plean do Lár Bailte ar dTús** a bheith curtha i gcrích go hiomlán agus na doiciméid um tharraingt anuas a bheith curtha isteach chuig an Roinn laistigh den **chreat ama críochnaithe 12 go 18 mí** ón tráth a ceadaíodh an tionscadal.

Ní mór go mbeadh tionscadail atá tacaithe faoi **Bheart 3: Beart Forbartha Tionscadal** a bheith curtha i gcrích go hiomlán agus na doiciméid um tharraingt anuas a bheith curtha isteach chuig an Roinn laistigh den **chreat ama críochnaithe** 12 go 18 mí ón tráth a ceadaíodh an tionscadal.

Sa chás go mbeadh leasú ar bith ar na dátaí críochnaithe deiridh ag teastáil ón údarás áitiúil, ní mór é sin a iarraidh i scríbhinn ar an Roinn roimh ré. Ní cheadaítear athruithe a dhéanamh ar na tionscadail agus níor chóir athruithe a dhéanamh gan chomhaontú i scríbhinn a fháil ón Roinn roimh ré.

Ní mór iarratais ar mhaoiniú a tharraingt anuas a bheith sínithe ag an Stiúrthóir Seirbhísí (DOS) nó ag oifigeach údaraithe de chuid an údaráis áitiúil ar chóir dó/di an DOS a chóipeáil nuair atá an t-éileamh á chur isteach.

Ba chóir cóip de thuarascálacha Agresso nó/agus tuarascálacha eile maidir leis an gcóras airgeadais ina dtugtar mionsonraí maidir le caiteachais an tionscadail a bheith ag gabháil le haon iarratas ar mhaoiniú a tharraingt anuas.

Maidir leis an mBeart Forbartha Tionscadal, ní mór fianaise ar an gcistiú meaitseála 10% nó 5% do Chontaetha an Iarthuaiscirt, a bhaineann le hábhar agus atá faighte, a chur san áireamh mar chuid de gach aon iarratas ar tharraingt anuas.

Ní chuirfear réamh-mhaoiniú ar fáil d'aon bheart faoin tionscnamh seo.

### 4.3 – Téarmaí agus Coinníollacha an Deontais

1. Tá údaráis áitiúla incháilithe ar iarphleananna TCF a chur i gcrích i ndiaidh pleananna Chéim 1 a chur i gcrích go rathúil. D'fhéadfadh údaráis áitiúla iarratas a dhéanamh chuig an Roinn chun maoiniú a fháil le plean TCF a chur i gcrích, faoin nglao maoinithe seo, agus d'fhéadfaí an maoiniú a leithdháileadh ar an údarás áitiúil, ach ní mheasfar caiteachas a thabhaítear ó iarphleananna TCF sula gcuirtear pleananna Chéim 1 i gcrích a bheith incháilithe áfach.
2. Ní mór d'údaráis áitiúla gealltanas a thabhairt lena chinntiú, i ndáil le haon bhailte a roghnaíodh faoin tionscnamh TCF seo, nach n-úsáidfear an maoiniú ar fad a leithdháiltear ach amháin chun na bearta seo a chur i gcrích. Comhaontaíonn an t-údarás áitiúil freisin cloí le téarmaí na Litreach Gealltanais agus na hAchoimre seo ar an Scéim.
3. Tá gealltanas tugtha ag an Roinn an méid maoinithe uasta €160,000 (€210,000 do na hocht n-údarás áitiúla san Iarthuaisceart de réir mar a leagtar amach in Aguisín 2) a chur ar fáil do gach aon údarás áitiúil agus a mhéid maoinithe deontais agus méid cistithe meaitseála dá chuid féin ag dul le gach aon bheart. Dá bhrí sin, níl an Roinn faoi dhliteanas aon chostas breise a thabhaíonn an t-údarás áitiúil atá os cionn an mhéid maoinithe uasta do gach aon bheart.

4. Ní mór tionscadail a bheith tugtha chun críche go hiomlán chun méid iomlán an deontais a tharraingt anuas. I gcás ina bhfaightear amach nár cuireadh tionscadal i gcrích, d’fhéadfadh an Roinn iarraidh ar an deontaí aon mhaoiniú a fuarthas don tionscadal a íoc ar ais i dtaca le haon ghnéithe neamhchríochnaithe. Ta sé bunriachtanach go ndéanfaí aon athruithe ar ghnéithe den tionscadal a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn sula gcuirtear an t-athrú sin i bhfeidhm; ní dhéanfaidh an Roinn aon athruithe a dhéantar ar thionscadail a cheadú go cúlghabhálach.
5. Déanfar an caiteachas ar fad a thabhaítear ar thionscadail i ndiaidh an dáta críochnaithe a rabhthas ag súil leis, a mheas a bheith incháilithe agus ní bheidh siad le híoc ag an Roinn, mura bhfuil síneadh comhaontaithe i bhfeidhm cheana féin.
6. Ní cheadaítear bearta lena dtacaítear faoin tionscnamh seo a chomh-mhaoiniú trí úsáid a bhaint as airgead eile de chuid na Roinne nó an Rialtais.
7. D’fhéadfadh neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha de réir mar atá leagtha amach nó neamhchomhlíonadh aon choinníollacha breise a comhaontaíodh le linn idirbheartaíochta maidir leis an gconradh a bheith ina gcúis le ceanglas chun cuid den chúnamh deontais a bronnadh, nó an cúnamh deontais ar fad a bronnadh, a aisíoc.
8. D’fhéadfadh an Roinn maoiniú a gealladh a chur ar ceal nó féachaint leis an maoiniú a leithdháileadh a fháil ar ais i gcás nach gcuirtear aon bheart faoin tionscnamh seo i gcrích laistigh den am a sonraíodh, sa chás nár comhaontaíodh go soiléir roimh ré síneadh a chur leis an gcomhaontú maoinithe, agus sa chás nach ndearnadh athruithe/leasuithe ar an tionscadal a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn roimh ré.
9. Maidir le Ciste Tacaíochta d’Fhoirne Baile TCF, cinnteoidh an t-údarás áitiúil go gcoinneofar taifead mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí ar fad a chuirtear i gcrích, tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm agus taifid airgeadais agus aon tuarascálacha bainteacha eile nach mór iad a bheith deimhnithe ag an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha agus curtha isteach in éineacht leis an iarraidh ar mhaoiniú a tharraingt anuas chuig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail.
10. Maidir leis an bplean TCF, cinnteoidh an t-údarás áitiúil cóip den phlean críochnaithe agus aon tuarascálacha bainteacha eile nach mór iad a bheith deimhnithe ag an bhFoireann Baile agus curtha isteach in éineacht leis an iarraidh ar mhaoiniú a tharraingt anuas chuig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail.
11. Maidir leis an PDM, cinnteoidh an t-údarás áitiúil gach tuarascáil maidir le caiteachas airgeadais agus aon tuarascálacha bainteacha eile nach mór iad a bheith deimhnithe ag an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha agus curtha isteach in éineacht leis an iarraidh ar mhaoiniú a tharraingt anuas chuig an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail.
12. 12. Níor chóir go mbeadh plean TCF ina chúis le cásanna forbartha malartacha a d’fhéadfadh an bonn a bhaint ó aon chuspóirí forbartha ábhartha i bplean forbartha reachtúil nó plean limistéir áitiúil atá i bhfeidhm cheana féin.
13. D’fhéadfadh an Roinn na hoibreacha ar fad a cuireadh i gcrích faoin TCF – Sraith Tacaíochtaí, a úsáid chun críche bolscaireachta. Comhaontaíonn an t-údarás áitiúil, lena chois sin, aon tuarascálacha agus faisnéis a chur ar fáil maidir leis an mbeart seo a chur i gcrích de réir mar a d’fhéadfadh an Roinn a iarraidh go réasúnach.
14. Aithneoidh an t-údarás áitiúil tacaíocht na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus déanfaidh sé tagairt do ‘*Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann’* agus ‘*Lár Bailte ar dTús’*

i ngach fógra poiblí, doiciméad scéime agus fógraíocht, de réir mar is cuí, maidir leis an tionscadal. D'fhéadfadh an Roinn féachaint leis an tionscadal a úsáid i gcur chun cinn níos leithne a cuid polasaithe. De bhreis air sin, ní thugtar cead d'údaráis áitiúla aon fhaisnéis maidir le roghnú bailte agus tionscadal a fhaigheann tacaíocht faoin TCF – Sraith Tacaíochtaí a scaoileadh sula ndéanann an tAire iad a fhógairt.

15. Ta sé de cheart ag an Aire gach tionscadal críochnaithe a fhógairt go foirmiúil, a sheoladh agus poiblíocht a thabhairt dóibh roimh aon bhuíon eile. Ní thugtar cead d'údaráis áitiúla aon bheart críochnaithe faoin tionscnamh seo a sheoladh gan cead a fháil roimh ré ón Roinn.
16. Éilítear ar údaráis áitiúla cloí le treoirlínte ábhartha maidir le soláthar poiblí nuair is infheidhme. Tá treoir maidir leis sin ar fáil ón Oifig um Sholáthar Rialtais (www.OGP.gov.ie; support@OGP.gov.ie), an Cód Caiteachais Phoiblí agus ón ráiteas ábhartha maidir le prionsabail do Dheontaithe atá mar bhonn agus mar thaca ag Ciorclán 13/2014.
17. Ba chóir don údarás áitiúil comhad tionscadail a choinneáil i ndáil leis na tionscadail ar fad ar tacaíodh leo faoin Tionscnamh seo. Ba chóir go gcuimseodh na doiciméid/comhaid ar fad gach faisnéis ábhartha i ndáil le soláthar conraitheoirí chun an tionscadal a chur i gcrích, agus/nó taifid maidir le ham bhaill foirne an údaráis áitiúil maidir leis na tionscadail ar fad faoi na bearta seo a chur i gcrích.
18. Ba chóir doiciméid iomlána agus chruinne chun tacú leis an gcaiteachas ar fad a choinneáil sa chomhad tionscadail agus ba chóir go mbeadh teacht orthu chun críche iniúchóireachta, ar feadh thréimhse sé bliana ón dáta críochnaithe. Áirítear leis sin na tionscadail ar fad a cuireadh i gcrích faoi TCF – Sraith Tacaíochtaí.
19. Tá sé de cheart ag an Roinn nochtadh a dhéanamh chun críche iarrata faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 nó eile, maidir le bearta TCF – Sraith Tacaíochtaí.
    a) aon fhaisnéis arna cur ar fáil ag an údarás áitiúil don Roinn;
    b) aon sonraí ábhartha a bhailigh an Roinn le linn cúnamh deontais a riar maidir le pleananna TCF, seachas sa chás go meastar an fhaisnéis a bheith ina faisnéis phearsanta nó ina faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de.
20. Comhaontaíonn an t-údarás áitiúil agus an Roinn go bhfuil siad faoi réir dhlíthe na hÉireann agus an AE maidir le saoráil faisnéise agus príobháideachas, go háirithe an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 agus an Rialachán (AE) 2016/679, ar a dtugtar Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí an AE ("GDPR").

## Aguisín 1 – Údaráis Áitiúla atá incháilithe don tionscnamh seo & Bailte a Roghnaíodh do Chéim 1

| Údaráis Áitiúla Incháilithe | Bailte a Roghnaíodh roimhe seo atá chun Plean TCF a chur i gcrích (Cuid de Chéim 1) |
|---|---|
| Ceatharlach | An Tulach |
| An Cabhán | Coill an Chollaigh |
| An Clár | Droichead na Sé Mhíle |
| Corcaigh | An Sciobairín |
| Dún na nGall | Baile na nGallóglach |
| Fine Gall | Lusca |
| Gaillimh | An Gort |
| Ciarraí | Baile an Mhuilinn |
| Cill Dara | Claonadh |
| Cill Chainnigh | Áth an Urlainn |
| Laois | Ráth Domhnaigh |
| Liatroim | Cora Droma Rúisc |
| Luimneach | Mainistir na Féile |
| An Longfort | An Longfort |
| Lú | Dún Léire |
| Maigh Eo | Cill Ala |
| An Mhí | An Bóthar Buí |
| Muineachán | Carraig Mhachaire Rois |
| Uíbh Fhailí | Clóirtheach |
| Ros Comáin | Béal na mBuillí |
| Sligeach | Tobar an Choire |
| Tiobraid Árann | Ros Cré |
| Port Láirge | Port Lách |
| An Iarmhí | An Móta |
| Loch Garman | Ros Mhic Thriúin |
| Cill Mhantáin | Baile Coimín |

## Aguisín 2 – Contaetha Trasdula an Iarthuaiscirt

| Údaráis Áitiúla Incháilithe |
|---|
| An Cabhán |
| Dún na nGall |
| Gaillimh |
| Liatroim |
| Maigh Eo |
| Muineachán |
| Ros Comáin |
| Sligeach |

**Tá na hocht gcontae seo incháilithe ar Bheart Forbartha Tionscadal breise amháin (3 iarratas ar thionscadal san iomlán).*